Mí Aibreán 2021

Nuachtlitir Pháistí Scoil Chualann

Ár Scoil Glas



B'é an 24ú Márta an Lá Náisiúnta chun Scútáil ar Scoil. Comhghairdeas le páistí na scoile as an sáriarracht a rinneadar ar an lá. Chomhaireamar idir scútair, rothair agus cláir scátála an mhaidin sin agus bhí 105 ann. Shiúil go leor páistí eile ar scoil an lá sin chomh maith.

Tá raca rothair nua tógtha ar láthair na scoile le déanaí agus tá súil againn go mbeidh go leor páistí ag rothaíocht agus ag scútáil ar scoil de réir mar a théann an aimsir i bhfeabhas.

Ag cabhrú leis an timpeallacht átá sibh!

Lá na mBláth

Táimid an-bhródúil as Pobal Scoil Chualann, tuismitheoirí agus páistí ina measc. Bhailíomar €378 ar an lá sin. Go raibh míle maith agaibh as bhúr gcineáltas agus as bhúr dtacaíocht.

Cúinne Nuachta Naíonáin Bheaga

Chuaigh na Naíonáin ar shiúlóid dúlra sa ghairdín scoile. Bhí siad an-tógtha leis na bláthanna áille uilig agus leis na lusanna ar an gcrann silíní. Phéinteáil siad crainn silíní sa rang tar éis na siúlóide. Tá siad go haoibhinn ar fad!

Athraithe láithreach

Tá go leor oibre ar siúl againn i Scoil Chualann ag déanamh iarrachta láthair agus spás níos deise a chruthú. Cabhraíonn na páistí atá mar bhall den Choiste Glas go mór leis an tionscnamh seo. Beidh Pobal Scoil Chualann in ann teacht isteach agus breathnú ar an áit álainn seo ar ball le cúnamh Dé. Go dtí sin, féach ar na grianghraif áille seo. Táimid ar bís an láthair seo a fheiceáil faoin ngrian agus na plandaí ag fás aníos.